

EurEau

Tá uisce tábhachtach!

Tá earnáil uisce na hEorpa ag iarraidh **ortsa** ár n-oidhreacht uisce a chinntiú



Beatha is ea an t-uisce. Teastaíonn go leor uisce ardchaighdeáin orainn le haghaidh **dea-shláinte**, timpeallachtaí glana agus geilleagar a fheidhmiú.

Soláthraíonn agus **cóireálann** earnáil seirbhísí uisce na hEorpa **os cionn 44.7 billiún m³ d'uisce in aghaidh na bliana**, agus an comhshaol á chosaint an t-am ar fad!

Tá oibreoirí uisce, a ndéanann EurEau ionadaíocht ar a son, tiomanta d'uisce óil glan a sholáthar agus fuíolluisce a chóireáil ionas go mbeifear ábalta é a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht, agus acmhainní á n-aisghabháil ag an am céanna...agus é sin ar fad ar phraghas réasúnta!

Léiríonn EurEau oibreoirí poiblí agus príobháideacha óil agus dramhuisce ar fud na hEorpa. Fostaíonn ár n-earnáil **476,000 duine**.

Is féidir linn rath bheartas uisce AE a fheiceáil thart orainn trí uisce snámha níos glaine, níos mó beatha inár n-aibhneacha agus inár lochanna, agus gach uair a bhainimid sult as gloine uisce buaire. Mar sin féin, tá dúshlán mhóra le sárú againn.

Caithfear tuilleadh a dhéanamh chun ár n-acmhainní uisce agus an **comhshaol** a chosaint agus a chaomhnú ós rud é go bhfuil an t-uisce faoi bhrú ó lear mór foinsí truaillithe. In 2018, níor bhain ach 40% dár ndobharlaigh dhromchla dea-stádas éiceolaíoch amach. Ag an am céanna, taispeánadh éilliú éigin i 25% dár dtaiscumair uisce. Ní foláir nó go gcuirfear

an Prionsabal um Rialú ag an bhFoinse chun feidhme i gceart chun cosc a chur ar thruailleáin dul isteach inár gcórais uisce. Ní mór do thruaillitheoirí íoc chun an truailliú a bhfuil siad freagrach as a mhaolú.

Beidh bearta coigeartaithe forleathana agus **infheistíochtaí** fadtéarmacha ar gach leibhéal de dhíth le haghaidh bonneagar seirbhíse uisce atá ag éirí sean agus le haghaidh athrú aeráide.

Beidh tionchar ag na dúshláin sin ar fad ar ár n-acmhainní uisce, ár gcur chuige ar chóireáil uisce óil agus fuíolluisce chomh maith le hinacmhainneacht ár seirbhísí uisce.

Teastaíonn cur chuige iomlánaíoch uainn ina mbeidh gníomhaíocht Eorpach, náisiúnta agus áitiúil i gceist chun dul i ngleic le gach ceann de na dúshláin ar bhealach éifeachtúil. Ba cheart na beartais a chomhordú, agus na prionsabail reatha, faoi mar atá cuimsithe i gconarthaí AE, a chur chun feidhme go hiomlán. Mar cé go bhfuil uisce an-luachmhar, caithfidh sé bheith fós inacmhainne.

Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

"...déanfar beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol...a bhunú ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar na prionsabail gur cheart **beart coisctheach a dhéanamh, gur cheart tús áite a thabhairt do dhamáiste den chomhshaol a cheartú ag an bhfoinse agus gur cheart don truaillitheoir íoc.**"


Thar na cúig bliana amach romhainn, iarrfar ort vóta a chaitheamh maidir le píosaí tábhachtacha reachtaíochta lena gcosnaítear an comhshaol agus lena gcinntítear go bhfuil rochtain fós ag níos mó ná 510 milliún tomhaltóir ar uisce sábháilte, anois agus do na glúnta amach romhainn.

AN CHREAT-TREOIR UISCE

Le Creat-treoir Uisce láidir, lena n-áirítear na Treoracha maidir le Caighdeán Cháilíochta Screamhuisce agus Timpeallachta, cosnaítear ár n-acmhainní uisce agus an comhshaol, rud a choinníonn ár screamhuisce, ár n-aibhneacha agus ár lochanna saor ó thruailliú. Teastaíonn beartais uainn a thagann leis an bPrionsabal maidir le Costas a Aisghabháil. Ba cheart na huaimhianta sa treoir a choimeád i ndiaidh 2027 agus ba cheart cumarsáid faoin dul chun cinn a fheabhsú. Ba cheart reachtaíocht nó beartais uile AE – go háirithe ar níotráití, lotnaidicíd agus REACH – a chomhordú agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr.

AN TREOIR MAIDIR LE HUISCE ÓIL

Tá uisce bunriachtanach don bheatha. Ba cheart dár n-uisce óil a bheith ar ardchaighdeán agus inacmhainne do gach uile dhuine i gcónaí. Tacaíonn oibreoirí le cosaint acmhainní uisce chun laghdú a dhéanamh ar leibhéal na cóireála íonúcháin a theastaíonn i dtáirgeadh uisce óil agus ar chostais ghaolmhara do chustaiméirí.




AN TREOIR MAIDIR LE CÓIREÁIL FUÍOLLUISCE UIRBIGH

Bíonn tionchar an-mhór ag an dóigh a gcóireálaimid ár bhfuíolluisce ar chaighdeán ár n-acmhainní uisce. Caithfear cosc a chur ar éilleáin dul isteach i séaraigh trí chur i bhfeidhm docht an Phrionsabail um Rialú ag an bhFoinse d'fhonn go mbeidh an t-uisce inacmhainne i gcónaí. Leis sin chomh maith éascófar aisghabháil acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach, nach mór do AE an margadh a oscailt le haghaidh ábhair aisghafa ina leith. Má théann truailleáin isteach sa timthriall uisce ní mór an Prionsabal "Íocadh an Truaillitheoir" a chur i bhfeidhm.



AN TREOIR MAIDIR LE HUISCE SNÁMHA

Tá uisce snámha glan maith don tsláinte, tá sé riachtanach dár gcomhshaol agus cuireann sé an turasóireacht chun cinn. Bíonn tionchar díreach ag caighdeán ár seirbhísí fuíolluisce orthu sin ar fad. Sampla maith is ea an treoir de chur chun feidhme rathúil agus leanfar le torthaí inbhraite a sholáthar léi leis na blianta amach romhainn.



AN RIALACHÁN MAIDIR LE HATHÚSÁID UISCE

Le hathúsáid fuíolluisce cóireáilte laghdaítear ganntanas uisce agus éireoidh sé níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí i dtimpeallacht atá ag athrú. Teastaíonn caighdeán cháilíochta chuí agus inacmhainne orainn ionas gur féidir uisce athshlánaithe a úsáid in uisciú talmhaíochta. Cinntítear cosaint tomhaltóirí leis sin agus tairgeann sé roghanna bainistíochta uisce inbhuanaithe chun acmhainní a choinneáil le haghaidh táirgeadh uisce óil.



COMHBHEARTAIS TALMHAÍOCHTA


Tá nasc bunúsach idir talmhaíocht agus uisce, agus bíonn tionchar ar an dá cheann díobh ar a chéile. Ba cheart go gcuirfeadh an Comhbheartas Talmhaíochta lenár n-acmhainní uisce a choinneáil saor ó thruailliú talmhaíochta. Ní mór d'íocaíochtaí le feirmeoirí a bheith coinníollach ar chomhlíonadh na reachtaíochta maidir leis an gcomhshaol. Ní mór uirlisí inbhuanaitheachta agus éiceachórais a dhéanamh mealltach d'fheirmeoirí.



10 ndúshlán mhóra don earnáil uisce

- 1 Acmhainn luachmhar a chosaint
- 2 Fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú agus poist a chruthú
- 3 Luach an uisce sa gheilleagar ciorclach
- 4 Cur chuige rialaithe foinse le haghaidh micreathruaileán
- 5 An praghas ar uisce a shocrú
- 6 Tionchar an athraithe aeráide atá ag fás ar uisce
- 7 Éifeachtúlacht acmhainní san earnáil uisce
- 8 Sócmhainní fadtéarmacha a bhainistiú i dtimpeallacht atá ag athrú go gasta
- 9 Tuiscint an phobail ar an earnáil uisce a mhéadú
- 10 Teacht aniar na seirbhísí uisce i gcoinne rioscaí slándála a neartú

Conas a thagann sé go léir le chéile?



Téann reachtaíocht AE atá láidir agus oiriúnach don fheidhm agus atá curtha chun feidhme mar is ceart, chun sochair na ndaoine, an gheilleagair agus an chomhshaoil.